

EBA/GL/2026/01

9 Eanáir 2026

Treoirlínte

lena sonraítear na critéir chun
gníomhaíochtaí dá dtagraítear in
Airteagal 4(1)(18) de Rialachán (AE)
Uimh. 575/2013 a shainaithint

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais um thuairisciú

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 04.05.2026. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2026/01' orthu. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte seo, i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, na critéir chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (18) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shainaithint, chun gnóthas seirbhísí coimhdeacha a chinneadh mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(18) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('gnóthas seirbhísí coimhdeacha').

Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo de réir an leibhéil cur i bhfeidhm atá leagtha amach i dTeideal II de Chuid a hAon de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
7. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le cáiliú aon ghnóthais mar 'gnóthas seirbhísí coimhdeacha' de réir mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (18) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Seolaithe

8. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointí 2(i) agus (viii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1)(35) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Sainmhínithe

9. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2013/36/AE sna treoirlínte seo.

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

10. Beidh feidhm leis an treoirlínte seo ar an 04.05.2026.

4. Treoirlínte maidir le gnóthais seirbhísí coimhdeacha

4.1. Forálacha ginearálta

11. Níor cheart gnóthas a mheas mar ghnóthas seirbhísí coimhdeacha, i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
 - a. is cuideachta sealbhaíochta lántionsclaíoch, eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin, cuideachta sealbhaíochta árachais é, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (f), de Threoir 2009/138/CE, nó is cuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha é, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (g), den Treoir sin, ach amháin i gcás ina bhfuil fo-institiúid ag cuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha; nó
 - b. tagann sé cheana féin faoin sainmhíniú ar institiúid, institiúid airgeadais nó eintiteas earnála airgeadais faoi phointí (3), (26) agus (27) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar chúis ar bith seachas a bheith ina ghnóthas seirbhísí coimhdeacha.
12. Ba cheart gnóthas seirbhísí coimhdeacha a áirítear i gcás comhdhlúite institiúide a mheas mar gnóthas seirbhísí coimhdeacha d'aon ghnóthas eile.

4.2. Critéir chun gníomhaíochtaí a chinneadh a mheasfar a bheith ina síneadh díreach ar bhaincéireacht faoi Airteagal 4(1)(18)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

13. Ba cheart gníomhaíochtaí atá bunúsach do shlabhra luacha na gcroisheirbhísí baincéireachta dá dtagraítear i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointe 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a mheas mar shíneadh díreach ar bhaincéireacht. Ba cheart go n-áireofaí orthu sin na roghanna seo a leanas:
 - a. bróicéireacht iasachtaí nó taiscí tráchtála nó cónaithe;
 - b. seirbhísí iasachta, lena n-áirítear i gcás ina ndéanann seirbhíseoirí creidmheasa é de réir bhrí Airteagal 3(8) de Threoir (AE) 2021/2167;
 - c. measúnú creidmheasa ar chliaint aonair institiúide nó institiúide airgeadais;
 - d. aisghabháil fiach;

- e. luacháil comhthaobhachta;
 - f. sócmhainní athshealbhaithe a fháil, a úinéireacht, a bhainistiú agus a leachtú; agus
 - g. idirghabháil agus dáileadh iasachtaí trí bhealaí nuálacha amhail seirbhísí sluachistiúcháin, ardáin idir piaraí, nó iasachtú margaidh, i gcás ina gcuireann na gníomhaíochtaí sin le hiasachtú.
14. Níor cheart na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe (a) go pointe (f) a mheas mar shíneadh díreach ar bhaincéireacht ach amháin nuair a chuirtear ar fáil d'institiúidí nó d'institiúidí airgeadais iad nó nuair a dhéantar iad chun leasa na n-institiúidí nó na n-institiúidí airgeadais den chuid is mó.

4.3. Critéir chun gníomhaíochtaí a chinneadh a mheasfar a bheith coimhdeach le baincéireacht faoi Airteagal 4(1)(18)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Critéir ghinearálta

15. Ba cheart gníomhaíocht a shainaithint mar ghníomhaíocht atá 'coimhdeach le baincéireacht' nuair a thacaíonn sí le soláthar aon seirbhíse nó gníomhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I, pointí 1 go 12 agus pointí 15, 16 agus 17 de Threoir 2013/36/AE agus in Iarscríbhinn I, Roinn A nó B a ghabhann le Treoir 2013/36/AE, i ndáil leis na hionstraimí airgeadais atá liostaithe in Iarscríbhinn I, Roinn C a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, ag institiúid nó institiúid airgeadais ('tacaíochtaí, comhlánú nó brath ar bhaincéireacht'), nó nuair a chomhlánaíonn sí an soláthar sin nó nuair a bhraitheann sí ar an soláthar sin.
16. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil gníomhaíochtaí coimhdeach le baincéireacht, bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i mír 15, ba cheart go mbeadh an measúnú:
- a. teoranta do na gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais a bhfuil gá acu le comhdhlúthú stuamachta, nó a d'fhéadfadh a bheith faoi réir comhdhlúthú stuamachta, nuair a mheastar gur gnóthais seirbhísí coimhdeacha iad, i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus leis na critéir dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2022/676. Áirítear leis sin máthairghnóthais, focuideachtaí agus comhshocruithe, mar aon le haon chásanna eile a shonraítear i míreanna (3), (5), agus i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír (6) d'Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus
 - b. curtha i gcrích ag cur san áireamh ábharthacht an naisc nó an naisc idir an ghníomhaíocht agus an ghníomhaíocht atá á déanamh ag institiúid nó institiúid airgeadais dá dtagraítear i mír 15.

Tacaíonn sé le baincéireacht

17. Chun críocha mhír 15, tacaíonn gníomhaíocht le baincéireacht nuair a chuirtear feabhas suntasach léi ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpróiseas baincéireachta nó nuair a chumasaítear nó nuair a éascaítear léi seachadadh táirgí agus/nó seirbhísí baincéireachta do chliaint. Ba cheart a mheas gur tacaíocht indíreach é seirbhísí tacaíochta mar sin a sholáthar do ghnóthais seirbhísí coimhdeacha eile an ghrúpa.
18. Gan dochar do mhír 17, ba cheart breathnú ar an méid seo a leanas mar ghníomhaíochtaí a thacaíonn le baincéireacht:
 - a. tacaíocht oibríochtúil, amhail barrfheabhsú próisis agus forbairt agus cothabháil bonneagair;
 - b. tacaíocht maidir le caidreamh le custaiméirí, amhail an idirghníomhaíocht idir custaiméirí agus an banc a éascú (e.g. ardáin seirbhíse do chustaiméirí);
 - c. bainisíocht riosca agus tacaíocht comhlíonta rialála;
 - d. tacaíocht straitéiseach agus iomaíoch, amhail taighde margaidh, anailísíocht mórshonraí, nuálaíocht agus claochlú digiteach, nó gníomhaíochtaí margaíochta;
 - e. tacaíocht chúloifige agus riaracháin, amhail bainistiú acmhainní daonna nó bainistiú doiciméad.

Comhlánaíonn sé baincéireacht

19. Chun críocha mhír 15, comhlánaíonn gníomhaíocht baincéireacht sna cásanna seo a leanas:
 - a. go gceadaítear léi d'institiúid nó d'institiúid airgeadais an ghrúpa, trí bhealaí dáileacháin agus margaíochta sonracha, tairiscint a seirbhísí baincéireachta agus a táirgí do chustaiméirí an ghnóthais a leathnú; nó
 - b. go ndéantar seirbhísí agus táirgí neamhbhaincéireachta an ghnóthais, trí bhealaí dáileacháin agus margaíochta sonracha, a thairiscint agus a sholáthar do bhonn custaiméirí institiúide nó institiúide airgeadais an ghrúpa a bhuí léi.
20. Ba cheart go mbeadh an cinneadh i dtaobh cibé an gcomhlánaíonn gníomhaíocht baincéireacht brath ar mheasúnú oibiachtúil agus fíorasach agus gan bheith bunaithe ar fhéidearthacht theibí na hinstiúide nó na hinstiúide airgeadais nó an ghnóthais a seirbhísí agus a táirgí a thairiscint don bhonn custaiméirí céanna.

Braitheann sé ar bhaincéireacht

21. Chun críocha mhír 15, braitheann gníomhaíocht ar bhaincéireacht sna cásanna seo a leanas:
- a. braitheann sé go mór ar tháirgí nó ar sheirbhísí baincéireachta ábhartha arna soláthar ag institiúid nó ag institiúid airgeadais de chuid an ghrúpa chun a ghníomhaíocht a dhéanamh (e.g. an cur chuige ‘bíodh aithne agat ar do chustaiméir’ [KYC], bainistiú iarratas ar iasachtaí, measúnú riosca creidmheasa). I dtaca leis sin, ba cheart go mbeadh spleáchais oibríochtúla agus phearsanra mar chuid den mheasúnú; nó
 - b. braitheann sé go mór ar mhaoiniú a chuireann institiúid nó institiúid airgeadais an ghrúpa ar fáil chun soláthar táirgí nó seirbhísí atá mar chuid dá ghníomhaíocht a mhaoiniú. Ní hamháin gur cheart d’institiúidí breithniú a dhéanamh ar an maoiniú a fhaigheann an gnóthas ach ba cheart dóibh meastóireacht a dhéanamh freisin ar aon ghealltanas sainráite chun maoiniú a sholáthar.

Léasú oibríochtúil

22. Chun críocha na dtreoirlínte seo, ba cheart go dtagródh léasú oibríochtúil do chonradh léasaithe nach n-aistríonn go substaintiúil chuig an léasaí na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne ar léas.
23. I gcomhréir leis na critéir ghinearálta dá bhforáiltear i mír 15 go mír 21, ba cheart a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí léasaithe oibríochtúla coimhdeach leis an mbaincéireacht, in aon cheann de na cásanna léiriúcháin seo a leanas:
- a. cuirtear léasú sócmhainní ar fáil d’institiúidí nó d’institiúidí airgeadais laistigh nó lasmuigh den ghrúpa (e.g. foirgnimh nó áitribh a léasú);
 - b. comhlánaítear léasú sócmhainní trí tháirgí nó seirbhísí baincéireachta a thairiscint agus a dhíol, ar bhonn athfhillteach, leis an léasaí trí institiúid nó institiúid airgeadais an ghrúpa (e.g. cuntas reatha nó seirbhísí íocaíochta); nó
 - c. braitheann léasú sócmhainní go mór ar an ngnó baincéireachta, lena n-áirítear cásanna ina ndéanann an gnóthas an méid seo a leanas:
 - i. ag brath go mór ar tháirgí nó ar sheirbhísí baincéireachta ábhartha arna soláthar ag institiúid nó institiúid airgeadais an ghrúpa. Mar shampla, i gcás (i) ina mbraitheann tionscnamh agus próiseáil an chonartha ar an measúnú riosca creidmheasa arna dhéanamh ag institiúid nó institiúid airgeadais de chuid an ghrúpa; nó (ii) ina mbainistíonn institiúid nó institiúid airgeadais de chuid an ghrúpa bailiú na n-íocaíochtaí léasaithe – nó aon ghníomhartha chun na héilimh ar léasú oibríochtúil nó na bunsócmhainní a aisghabháil; nó

- ii. ag brath go mór ar mhaoiniú a chuireann institiúidí nó institiúidí airgeadais an ghrúpa ar fáil.

Úinéireacht nó bainistiú réadmhaoine

24. De réir na gcritéar ginearálta dá bhforáiltear i míreanna 15 go 21, ba cheart úinéireacht nó bainistiú gníomhaíochtaí maoine a mheas mar ghníomhaíochtaí coimhdeacha le haghaidh baincéireachta, in aon cheann de na cásanna léiriúcháin seo a leanas:

- a. ina dtacaíonn an ghníomhaíocht le baincéireacht, lena n-áirítear cásanna:
 - i. ina n-úsáidtear na maoine atá faoi úinéireacht nó á mbainistiú ag an ngnóthas chun tacú le hoibríochtaí gnó baincéireachta (e.g. brainsí bainc nó ceannoifigí); nó
 - ii. ina dtagann úinéireacht mhaoine an ghnóthais chun cinn mar thoradh díreach ar ghnó baincéireachta.
- b. ina gcomhlánaíonn an ghníomhaíocht baincéireacht, lena n-áirítear cásanna mar seo a leanas:
 - i. ina ndéanann an gnóthas táirgí nó seirbhísí baincéireachta comhlántacha (e.g. morgáistí) a thacaíonn leis an straitéis trasdíola grúpa a mhargú go gníomhach dá chliant;
 - ii. ina ndéanann institiúidí nó institiúidí airgeadais an ghrúpa infheistíochtaí i gcistí eastáit réadaigh a thairiscint agus a dhíol go gníomhach lena gcliant, nó sócmhainní bainistithe cliant a infheistiú i gcistí eastáit réadaigh den sórt sin, a bhfuil a n-airíonna á mbainistiú go mór ag an ngnóthas; nó
 - iii. ina ndéantar seirbhísí bainistíochta maoine an ghnóthais (e.g. bainistiú réadmhaoine infheistíochta do chliant) a mhargú mar sheirbhís fhorlíontach le seirbhísí baincéireachta (e.g. bainistíocht punainne).
- c. ina bhfuil an ghníomhaíocht ag brath go mór ar bhaincéireacht, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil:
 - i. maidir le maoiniú maoine atá faoi úinéireacht nó forbartha, ina bhfuil an gnóthas ag brath go mór ar mhaoiniú ó institiúidí nó ó institiúidí airgeadais an ghrúpa; nó
 - ii. ina mbraitheann an gnóthas ar tháirgí nó ar sheirbhísí baincéireachta áirithe arna soláthar ag institiúidí nó ag institiúidí airgeadais an ghrúpa chun a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích. Ba cheart go n-áireofaí ar na seirbhísí sin measúnú riosca airgeadais tionscadal, bainistiú riosca, tacaíocht

chomhlíonta, nó seirbhísí eile a léiríonn ardleibhéal idirnasctha agus spleáchais ar an ngnóthas.

Seirbhísí próiseála sonraí a sholáthar

25. De réir na gcritéar ginearálta dá bhforáiltear i míreanna 15 go 21, ba cheart a mheas go bhfuil soláthar seirbhísí próiseála sonraí coimhdeach le baincéireacht, in aon cheann de na cásanna léiriúcháin seo a leanas:
- a. tacaíonn sé le baincéireacht, ag cinntiú go ndéantar oibríochtaí baincéireachta go héifeachtach (e.g. córais oibriúcháin a thacaíonn leis na hoibríochtaí baincéireachta a fhorbairt agus/nó a chothabháil). Ba cheart a mheas freisin go dtacaíonn soláthar seirbhísí próiseála sonraí den sórt sin le gnóthais seirbhísí coimhdeacha eile an ghrúpa go hindíreach le baincéireacht;
 - b. comhlánaíonn sé baincéireacht, mar shampla, ach táirgí nó seirbhísí baincéireachta a fheabhsú, luach a chur leo nó ach iad a chomhlánú. Ba cheart cleachtais thras-díolacháin chórasacha agus comhbhealaí dáileacháin a chur san áireamh ina leith sin; nó
 - c. braitheann siad go mór ar bhaincéireacht, mar shampla, i gcás ina mbraitheann na seirbhísí próiseála sonraí go suntasach ar shonraí arna soláthar ag na gníomhaíochtaí baincéireachta nó atá nasctha leo (e.g. anailísíocht sonraí íocaíochta cliant a sholáthar).

4.4. Gníomhaíochtaí a chinneadh a mheasfar a bheith cosúil le pointí (a) agus (b) faoi Airteagal 4(1)(18)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

26. Chun críche Airteagal 4(1)(18)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, ba cheart d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE gan moill mhíchúí faoi ghníomhaíocht is féidir a mheas cosúil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a) agus faoi phointe (b), lena sainiúitear an gnóthas ábhartha a dhéanann an ghníomhaíocht agus lena mínítear cén fáth ar cheart breathnú ar a ghníomhaíocht mar ghníomhaíocht chomhchosúil freisin i gcomhréir leis na treoirlínte seo.
27. Ba cheart do ÚBE na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil an ghníomhaíocht ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le mír 26 cosúil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(18), pointe (a) agus pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

4.5. Príomhghníomhaíocht gnóthais seirbhísí coimhdeacha

28. Ba cheart a mheas go ndéanann gnóthas gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c) d'Airteagal 4(1)(18) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar phríomhghníomhaíocht, i gcás ina gcumhdaíonn iomlán na ngníomhaíochtaí sin 50 % ar a laghad d'aon cheann de na táscairí seo a leanas:
- a. sócmhainní an ghnóthais bunaithe ar a staid aonair;
 - b. ioncam an ghnóthais bunaithe ar a staid aonair;
 - c. pearsanra an ghnóthais bunaithe ar a staid aonair.
29. Ba cheart gníomhaíocht a mheas mar phríomhghníomhaíocht gnóthais fiú mura gcomhlíontar aon cheann de na tairseacha a leagtar amach i mír 28, áit ar féidir é sin a bhunú ar bhonn cás ar chás chun sástacht an údaráis inniúil.